AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.3.2023
COM(2023) 72 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme Threoir 2003/88/EC ag na Ballstáit maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre**

{SWD(2023) 40 final}

## I. Réamhrá

Athbhreithnítear sa tuarascáil seo cur chun feidhme na Treorach 2003/88/CE (dá dtagraítear 'an Treoir' nó 'an Treoir um Am Oibre' anseo feasta) ag na Ballstáit, mar a éilítear le hAirteagal 24 di. Tugtar an tuarascáil roimhe seo a foilsíodh in 2017 cothrom le dáta léi[1]. Tá Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leis an tuarascáil seo ina bhforbraíonn an Coimisiún torthaí a scrúdaithe ar bhealach níos mionsonraithe[2].

Ní sholáthraítear leis an tuarascáil atá ann faoi láthair cuntas uileghabhálach ar gach beart cur chun feidhme náisiúnta ná ní thugtar réamhbhreithiúnas léi ar aon seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh in aon imeacht dlí sa todhchaí.

Thug an Coimisiún an Teachtaireacht Léiritheach[3] cothrom le dáta freisin ag déanamh achoimre ar chásdlí infheidhme Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt' nó 'CBAE'). Is é is aidhm don Teachtaireacht seo soiléireacht agus cinnteacht dhlíthiúil a thabhairt do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile agus an Treoir um Am Oibre á cur i bhfeidhm acu.

## II. Cuspóir agus ceanglais na Treorach

Chun sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a chosaint, leagtar síos leis an Treoir íoscheanglais choiteanna lena n-áirítear:

- teorainneacha le ham oibre (nach mó ná 48 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar an meán, lena n-áirítear ragobair);
- sosanna laethúla agus seachtainiúla íosta (ar a laghad 11 uair an chloig de shos laethúil as a chéile agus 35 uair an chloig de shos seachtainiúil gan bhriseadh);
- saoire bhliantúil le pá (4 seachtaine in aghaidh na bliana ar a laghad);
- cosaint bhreise d'oibrithe oíche.

Déantar foráil leis an Treoir maidir le solúbthacht ó thaobh eagrú ama oibre de. Féadfar moill a chur ar an sos íosta, go hiomlán nó go páirteach, maidir le gníomhaíochtaí áirithe. Féadann oibrithe aonair comhaontú le bheith ag obair níos faide ná an teorainn 48 n-uair an chloig ('rogha gan bheith páirteach'). Féadann comhaontuithe comhchoiteanna foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht bhreise, mar shampla trína cheadú go bhfaighfear an meán i leith am oibre seachtainiúil le himeacht tréimhsí suas le 12 mhí.

## III. Anailís ar chur i bhfeidhm na Treorach ag na Ballstáit

Tá an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre bunaithe ar thuarascálacha náisiúnta (lena n-áirítear tuairimí comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus

[1] COM(2017) 254 final.
[2] SWD(2023) 40 final.
[3] C(2023) 969.

Eorpacha), ar thuarascálacha an Choimisiúin roimhe seo, agus ar fhaisnéis a bailíodh ó nósanna imeachta maidir le sárú agus ó shaineolaithe neamhspleácha. Bailíodh in 2021 agus 2022 í.

## A. Eisiaimh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach

Ón bhfaisnéis atá ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid gur trasuíodh an Treoir den chuid is mó sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.

I roinnt Ballstát, eisiatar catagóirí oibrithe áirithe ó raon feidhme na reachtaíochta ginearálta a thrasuíonn an Treoir, ach is iondúil go mbíonn siad faoi réir na rialacha sonracha maidir le coinníollacha oibre. San earnáil phoiblí baineann sé sin go hiondúil leis na fórsaí armtha, na póilíní, agus fórsaí slándála eile, agus le seirbhísí cosanta sibhialta freisin amhail foireann príosúin agus comhraiceoirí dóiteáin seirbhíse poiblí[4].

Maidir leis an earnáil phríobháideach, eisiann roinnt Ballstát oibrithe tí[5].

Ní bhíonn eisiaimh mar sin i gcomhréir le ceanglais na Treorach um Am Oibre go hiondúil, ach amháin má áirithítear trasuíomh forálacha na Treorach trí chomhaontuithe comhchoiteanna.

Dheimhnigh an Chúirt in 2021, cé go bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leis na fórsaí armtha[6], gur féidir gníomhaíochtaí áirithe a eisiamh óna raon feidhme, i gcás ina ndéanfadh a cur i bhfeidhm dochar d’fheidhmiú cuí oibríochtaí míleata, go háirithe i bhfianaise fhreagrachtaí idirnáisiúnta áirithe roinnt Ballstát, na gcoinbhleachtaí nó na mbagairtí atá os a gcomhair, nó a gcomhthéacs geopholaitiúil. Cuireann thart ar leath na mBallstát an Treoir i bhfeidhm go sainráite maidir lena bhfórsaí armtha[7]. Ní dhéanann roinnt Ballstát amhlaidh go sainráite ach, mar sin féin, cuireann siad a forálacha i bhfeidhm maidir leis na fórsaí armtha go pointe áirithe[8]. Ní chuireann roinnt Ballstát an Treoir i bhfeidhm maidir le pearsanra míleata[9], gan dochar do rialacha náisiúnta a bheith ann maidir le dálaí oibre agus cosaint shláinte agus shábháilteacht phearsanra na bhfórsaí armtha.

## B. Oibrithe a bhfuil níos mó ná conradh fostaíochta amháin acu

Ní shonraítear go sainráite leis an Treoir seo an socraítear teorainneacha absalóideacha lena forálacha i gcás conarthaí comhuaineacha le fostóir amháin nó níos mó ná fostóir amháin, ná an bhfuil feidhm acu maidir le gach caidreamh fostaíochta ar leithligh. Shoiléirigh an Chúirt le déanaí, i gcás ina mbíonn roinnt conarthaí leis an bhfostóir céanna ag oibrithe, go mbíonn

[4] Éire (póilíní, fórsaí armtha, seirbhísí cosanta sibhialta, comhraiceoirí dóiteáin, foireann príosúin agus pearsanra éigeandála muirí), an Chipir (fórsaí armtha), an Iodáil (póilíní, fórsaí armtha, breithiúna, peannadlanna, slándála poiblí agus seirbhísí cosanta sibhialta).
[5] An Bheilg, an Ghréig, Lucsamburg, an tSualainn.
[6] Breithiúnas i gcás C-742/19, *Ministrstvo za obrambo*.
[7] An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Liotuáin, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.
[8] An tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn.
[9] Éire, an Fhrainc, an Chipir, an Laitvia, an Phortaingéil.

feidhm ag an sos laethúil íosta ar na conarthaí ina n-iomláine, ní ar leithligh[10]. Mar a tugadh le fios i dtuarascálacha cur chun feidhme roimhe seo, measann an Coimisiún, i bhfianaise chuspóir na Treorach chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe a fheabhsú, gur cheart na teorainneacha ar mheánam oibre seachtainiúil agus sos laethúil agus sos seachtainiúil a chur i bhfeidhm in aghaidh an oibrí, a mhéid is féidir.

Tá go leor éagsúlachta i gcleachtas na mBallstát ina thaobh sin.

Cuireann an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair agus an tSlóivéin an Treoir i bhfeidhm in aghaidh an oibrí (faoi fhorálacha dlíthiúla sainráite chuige sin den chuid is mó).

Os a choinne sin, cuireann an tSeicia, an Spáinn, an Laitvia, an Ungáir, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóvaic an Treoir i bhfeidhm in aghaidh an chonartha.

Sa Bheilg, sa Danmhairg, sa Liotuáin, i Málta, sa Rómáin, san Fhionlainn agus sa tSualainn cuirtear an Treoir i bhfeidhm in aghaidh an oibrí i gcás ina bhfuil níos mó ná conradh amháin leis an bhfostóir céanna, ach in aghaidh an chonartha i gcás ina bhfuil níos mó ná conradh amháin ag an oibrí le fostóirí éagsúla.

### C. Sainmhíniú agus taifeadadh 'ama oibre'

Go ginearálta, ní cosúil *per se* go n-eascraíonn fadhbanna maidir le cur i bhfeidhm as an sainmhíniú foirmiúil ar 'am oibre' a leagtar amach in Airteagal 2 den Treoir (i.e. go bhfuil an t-oibrí *'ag obair, ar fáil don fhostóir agus ag déanamh a chuid gníomhaíochta nó dualgas*').

Is éard atá in 'ar glao-dhualgas' agus 'cúltaca' tréimhsí nach mór d'oibrithe a bheith fós ar fáil chun a gcuid oibre a atosú i gcás inar gá. Is éard is 'am ar glao-dhualgas' ann cás ina n-éilítear ar oibrí fanacht san áit oibre nó áit eile arna cinneadh ag an bhfostóir, agus a bheith réidh chun a chuid nó a cuid dualgas a dhéanamh má iarrtar amhlaidh. Le linn 'cúltaca' ní mór d'oibrí a bheith ar fáil an t-am ar fad ach ní éilítear air/uirthi fanacht ag áit arna cinneadh ag an bhfostóir.

Dhearbhaigh an Chúirt nach mór am a chaitear 'ar glao-dhualgas' a áireamh ina iomláine mar 'am oibre' de réir bhrí na Treorach. Le linn 'cúltaca' is am oibre i gcónaí é an t-am a bhaineann le soláthar seirbhísí iarbhír. Is mar shos a cháilíonn an t-am cúltaca atá fágtha, ach amháin i gcás ina bhfuil tionchar an-suntasach ag na srianta a fhorchuireann an fostóir ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh an t-oibrí bainistíocht ar a chuid nó a cuid ama gan srian agus na nithe is díol spéise pearsanta nó sóisialta dó nó di a shaothrú. Sna cásanna sin, áirítear an t-am cúltaca uile mar am oibre[11].

---

[10] Breithiúnas i gcás C-585/19, *Academia de Studii Economice din Bucureşti*.
[11] Breithiúnas i gcás C-580/19, *Stadt Offenbach am Main*, mír 39 agus C-344/19, *Radiotelevizija Slovenija*, mír 38 agus an cásdlí a luaitear.

Tá forálacha dlíthiúla a rialaíonn obair 'ar glao-dhualgas' ag formhór na mBallstát[12], agus tugann roinnt Ballstát aghaidh ar thréimhsí 'cúltaca' go sainráite ina gcuid reachtaíochta[13]. Bíonn an chéad cheann thuasluaite comhsheasmhach go ginearálta le léirmhíniú na Cúirte, ní chuireann an dara ceann cásdlí a bhí ann le déanaí san áireamh lena gcuireann teorainn ar na cásanna ina gcáilítear am cúltaca mar shos. Thosaigh roinnt cúirteanna náisiúnta an cásdlí sin a chur i bhfeidhm, áfach[14].

Tá feabhas ag teacht ar chomhlíontacht na mBallstát leis an gceanglas maidir le ham ar glao-dhualgas a láimhseáil mar am oibre, ach tá roinnt saincheisteanna ann fós.

Sa Danmhairg, féadann comhpháirtithe sóisialta a aontú gur féidir tréimhse sosa a dhéanamh le linn dualgas ar glao-dhualgas ag an áit oibre agus bhain roinnt comhpháirtithe sóisialta in earnáil na sláinte úsáid as an bhféidearthacht sin. Sa Pholainn agus sa tSlóivéin, ní áirítear ach dualgas ar glao-dhualgas gníomhach ag an áit oibre mar am oibre, agus sa tSlóvaic, ní áirítear go hiomlán dualgas ar glao-dhualgas ag an áit oibre mar am oibre do ghrúpaí áirithe.

Rialaigh an Chúirt in 2019 nach mór do na Ballstáit éileamh ar fhostóirí '*córas oibiachtúil, iontaofa agus inrochtana [a bhunú] lena gcumasaítear fad ama oibre gach lá ag gach oibrí a thomhas*'[15]. I bhformhór na mBallstát, tá oibleagáid ar fhostóirí faireachán agus clárúchán a dhéanamh ar am oibre, ach níl an oibleagáid sin ag cúig cinn acu nó ní shainmhíníonn siad go soiléir í: An Bheilg, an Danmhairg, an Chipir, Málta agus an tSualainn.

### D. Bristeacha agus tréimhsí sosa

Le hAirteagal 4, éilítear briseadh sosa má tá an lá oibre níos faide ná 6 uair an chloig, gan an fad a shonrú ná é a shainmhíniú i dtéarmaí níos mionsonraithe. Beidh na mionsonraí '*leagtha síos i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó i gcomhaontuithe idir an dá thaobh den tionscal nó, seachas sin, trí reachtaíocht náisiúnta'*.

Is cosúil go ginearálta gur trasuíodh an fhoráil sin go sásúil. Leagann formhór na mBallstát forálacha íosta amach le haghaidh fad agus am briseadh sosa le linn an lae oibre. Ní leagann roinnt Ballstát fad nó am íosta le haghaidh an bhriste sosa síos leis an dlí[16], áfach, agus níl sé soiléir cibé acu an rialaíonn comhaontuithe comhchoiteanna é sin i ngach cás nó nach rialaíonn.

A mhéid a bhaineann le sos (Airteagail 3 agus 5 den Treoir), is é príomhcheanglas na Treorach nach mór go mbíonn sos laethúil íosta ag an oibrí de 11 uair an chloig as a chéile in aghaidh tréimhse 24 uair an chloig agus tréimhse sosa íosta gan bhriseadh de 24 uair an chloig in aghaidh tréimhse seacht lá, móide an 11 uair an chloig de shos laethúil. Déantar foráil leis

[12] An Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn.
[13] An Bhulgáir, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Fhionlainn, an tSualainn.
[14] An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Spáinn.
[15] Breithiúnas i gcás C-55/18, *CCOO*, mír 60.
[16] An Danmhairg, Lucsamburg, an Rómáin, an tSualainn.

an Treoir maidir leis an bhféidearthacht go laghdófaí an sos seachtainiúil go 24 uair an chloig ar chúiseanna oibiachtúla.

Is cosúil gur trasuíodh na príomhcheanglais sin go sásúil i ndlí náisiúnta ag Ballstáit le haghaidh fhormhór na n-earnálacha. Is cosúil gur thrasuigh cúpla Ballstát an ceanglas le haghaidh sos seachtainiúil go mícheart ar bhealaí áirithe, e.g. toisc nár trasuíodh an ceanglas le haghaidh earnáil áirithe[17] nó trí úsáid thréimhse sosa 24 uair an chloig a sholáthar gan cúiseanna oibiachtúla nithiúla a bheith ann[18].

## E. Teorainneacha le ham oibre

Faoi Airteagal 6 den Treoir, ní fhéadfaidh meánam oibre seachtainiúil (lena n-áirítear ragobair) a bheith os cionn 48 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Go ginearálta, trasuíodh an teorainn sin go sásúil, agus is é an chaoi go leagann go leor Ballstát caighdeáin níos cosantaí síos.

I líon beag cásanna sáraítear teorainn na Treorach, is iad sin:

- In Éirinn, ní chuirtear an teorainn i bhfeidhm go sásúil sa chleachtas fós d'oibrithe cúraim sóisialta, ach bíonn obair ar siúl go leanúnach chun an staid a leigheas.

- Déantar foráil fós i gCód Saothair na Bulgáire maidir le ham oibre seachtainiúil suas le 56 uair an chloig i gcás ina bhfuil córas ann ina ríomhtar an meánam oibre seachtainiúil agus nach gcuirtear teorainn le ragobair éigeantach do na fórsaí cosanta náisiúnta, éigeandálaí, athchóiriú práinneach ar fhóntais phoiblí nó iompar agus soláthar cúnaimh leighis[19].

Is cosúil freisin go sáraítear an teorainn 4 mhí le haghaidh am oibre uasta a áireamh sa Bhulgáir[20], sa Ghearmáin[21] agus sa tSlóivéin[22], tíortha ina socraítear ag 6 mhí é, agus sa Spáinn, ina socraítear ag 12 mhí é[23]. Ní bhaineann sé sin amháin le gníomhaíochtaí a luaitear in Airteagal 17(3) den Treoir. Sa Bheilg, leis an scéim ama oibre 'Cuntas Móide Lúide', ceadaítear tréimhse tagartha níos faide ná 1 bhliain amháin[24].

## F. Saoire bhliantúil

Trasuitear an buncheart chun saoire bhliantúil le pá a fháil (Airteagal 7 den Treoir) go sásúil go ginearálta.

---

[17] An Spáinn (státseirbhísigh), an Pholainn (foireann na Gníomhaireachta Faisnéise).
[18] An Ísiltír (póilíní deonacha agus mianadóirí), an tSlóivéin (earnáil na sláinte).
[19] Airteagail 142 agus 146.3 den Chód Saothair.
[20] Airteagal 142 den Chód Saothair, Airteagal 49 den Ghníomh Státseirbhíseach.
[21] Airteagail 3, 7(8) agus 14 den Ghníomh Ama Oibre.
[22] Airteagal 144.3 de ZDR-1.
[23] Airteagal 34.2 den Chód Saothair.
[24] Airteagail 204-213 de Dhlí an 27 Nollaig 2006.

Déanann gach Ballstát foráil maidir le ceart saoire bhliantúil le pá ar feadh 4 seachtaine ar a laghad, agus déanann siad uile foráil go bhfaighidh oibrithe a 'meánphá', a 'ngnáthráta seachtainiúil', a 'meánluach saothair míosúil' nó a chomhchosúlacht agus iad ar saoire. Déanann gach Ballstát foráil maidir le teidlíocht íocaíochta in ionad i gcás deireadh an chaidrimh fostaíochta gan saoire bhliantúil a thógáil.

Sainaithníodh dhá phríomhfhadhb, áfach. Ar an gcéad dul síos, forchuireann roinnt Ballstát coinníollacha chun saoire bhliantúil le pá a fháil nó a thógáil sa chéad bhliain d'fhostaíocht a théann níos faide ná iad siúd a chuirtear ar fáil leis an Treoir mar a léirmhínítear ag an gCúirt. Mar shampla, leagann siad síos tréimhsí cáilíochta atá rófhada (6-8 mí) sular féidir saoire a thógáil[25].

Tá córas ag dhá Bhallstát ina bhfaightear an ceart chun saoire bhliantúil le pá bunaithe ar thuilleamh an oibrí i mbliain cháilitheach atá roimh an mbliain inar féidir an tsaoire bhliantúil le pá a thógáil ('an bhliain saoire')[26]. Tá an t-oibrí i dteideal am saor sa chéad bhliain saoire, ach gan phá.

Is é an dara fadhb dul as feidhm an chirt chun saoire bhliantúil le pá nach raibh an t-oibrí in ann a thógáil. Chinn CBAE go leanann an t-oibrí nach bhfuil in ann a bheith ag obair mar gheall ar thinneas de theidlíochtaí saoire bliantúla le pá a charnadh le linn saoire bhreoiteachta. Féadann Ballstáit teorainn a chur leis an bhféidearthacht go ndéanfaí saoire bhliantúil nach féidir a thógáil mar gheall ar éagumas bailí a thabhairt ar aghaidh. Mar sin féin, dhearbhaigh an Chúirt '*nach mór d'aon tréimhse tabhairt ar aghaidh a bheith níos faide ar bhealach suntasach ná an tréimhse tagartha a bhfuil sí deonaithe ina leith*'[27]. Tá forálacha ag go leor Ballstát lena dtugtar teidlíocht don oibrí tréimhsí saoire bliantúla arna bhfáil a thabhairt ar aghaidh nó a chur siar i gcás ina dtarlódh tógáil na saoire sin agus tréimhse saoire breoiteachta an tráth céanna. Ach i roinnt tíortha, dealraíonn sé go mbíonn an tréimhse sula gcailleann an t-oibrí a cheart nó a ceart chun saoire le pá ró-ghearr, mar ní bhíonn sí níos faide ná an tréimhse tagartha bliana amháin[28].

## G. Obair oíche

Tá tuilleadh forálacha cosanta maidir le hoibrithe oíche sa Treoir: ní féidir leo a bheith ag obair níos mó ná 8 n-uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán, agus bíonn an teorainn 8 n-uair an chloig sin dearbh (ní féidir a meán a fháil) i gcás ina mbíonn contúirt nó strus ar leith ag baint leis an obair oíche.

Cuireann na Ballstáit teorainn le meánam oibre oibrithe oíche ag 8 n-uair an chloig go ginearálta. Shocraigh roinnt Ballstát tréimhse tagartha 4 mhí, áfach, chun an meán sin a áireamh[29]. Is ionann sin agus an tréimhse thagartha chaighdeánach le haghaidh am oibre uasta

[25] An Bhulgáir, an Eastóin, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil.
[26] An Fhionlainn, an tSualainn.
[27] Breithiúnas i gcás C-214/10, *KHS*, míreanna 38-40.
[28] An tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn.
[29] An Danmhairg, an Chróit, Málta, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

ginearálta a áireamh, agus is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil sé sin rófhada chun cuspóir cosanta na bhforálacha maidir le hobair oíche a chomhlíonadh.

Maidir le hobair oíche lena mbaineann contúirtí speisialta nó brú trom, níor thrasuigh dhá Bhallstát an fhoráil sin den Treoir[30]. Ceadaíonn Ballstát amháin eisceachtaí nach bhforáiltear dóibh sa Treoir[31].

## H. Maoluithe (Airteagail 17, 18 agus 22 den Treoir)

1. Oibrithe neamhspleácha

Le hAirteagal 17(1) ceadaítear do Bhallstáit maolú ó na forálacha maidir le sosanna laethúla agus seachtainiúla, bristeacha, am oibre seachtainiúil uasta, fad na hoibre oíche agus na dtréimhsí tagartha *'i gcás, mar gheall ar shaintréithe sonracha na gníomhaíochta lena mbaineann, nach dtomhaistear agus/nó nach réamhchinntear fad an ama oibre nó nach féidir leis na hoibrithe féin é a chinneadh.'*

I gcásanna áirithe ní chuireann na Ballstáit na critéir sin uile ina sainmhínithe náisiúnta. Mar shampla, tugann roinnt Ballstát díolúine d'oibrí a shaothraíonn trí oiread an phá íosta[32], nó a bhfuil post lena mbaineann an-tábhacht nó iontaoibh aige nó aici agus a fhaigheann tuarastal seacht n-oiread an phá íosta éigeantaigh[33].

2. Maoluithe lena n-éilítear go dtugann tréimhsí comhionanna sosa cúitimh don oibrí

Ceadaítear sa Treoir maoluithe ó na forálacha maidir le bristeacha, tréimhsí sosa laethúla agus seachtainiúla, obair oíche agus tréimhsí tagartha chun meánam oibre a fháil:

- i raon gníomhaíochtaí nó cásanna, mar shampla, iad siúd a dteastaíonn leanúnachas uathu, gníomhaíochtaí séasúracha áirithe, nó i gcás ina mbíonn áit oibre agus áit chónaithe an oibrí i bhfad ó chéile (trí chomhaontú comhchoiteann, trí chomhaontú idir an dá thaobh den tionscal, nó trí dlíthe náisiúnta nó rialacháin); agus
- in aon chineál gníomhaíochta nó cáis a shainmhínítear trí chomhaontú comhchoiteann nó trí chomhaontú idir an dá thaobh den tionscal ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach (nó, i gcás inarb amhlaidh go gcinneann na gníomhaithe sin, tríd an dá thaobh den tionscal ar leibhéal níos ísle nó tríd an dá thaobh den tionscal ar an leibhéal comhchoiteann iomchuí).

Ní cheadaítear go ginearálta sna rialacha, áfach, go gcaillfear tréimhsí sosa íosta ina n-iomláine. Ní cheadaítear sin ach amháin i gcásanna eisceachtúla nach féidir go hoibiachtúil sos cúitimh comhionann a sholáthar, agus ina bhfuair na hoibrithe cosaint iomchuí. Thairis

[30] An Ghearmáin, an Ísiltír.
[31] An tSeicia.
[32] An Ísiltír.
[33] An Ungáir.

sin, de réir bhreithiúnas *Jaeger* [34], ba cheart sos cúitimh a sholáthar sa tréimhse díreach tar éis an sos a cailleadh.

Go ginearálta thrasuigh na Ballstáit na maoluithe sin agus baineann siad úsáid astu.

Maidir leis na hearnálacha agus na gníomhaíochtaí lena mbaineann, úsáideann na Ballstáit na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Treoir féin go ginearálta.

Mar sin féin, dealraíonn sé go sáraíonn roinnt dlíthe náisiúnta na maoluithe a cheadaítear faoin Treoir go háirithe:

- mura bhforchuirtear aon cheanglas chun sos cúitimh comhionann a sholáthar don oibrí lena mbaineann, trí shos a cailleadh a chúiteamh ó thaobh airgeadais de a cheadú, mar shampla[35], mura bhforchuirtear ceanglas mar sin ar earnálacha áirithe nó ar shealobair[36], trí bhrath ar chineálacha beart cosanta eile, nó mura soláthraítear sos cúitimh atá coibhéiseach le giorrú na tréimhse sosa[37];

- trí thráthchlár sosa cúitimh atá rófhada a shocrú, idir 14 lá agus 6 mhí le haghaidh sos laethúil a cailleadh i ngníomhaíochtaí nó in earnálacha áirithe[38] agus idir 6 seachtaine agus 6 mhí le haghaidh sos seachtainiúil a cailleadh[39].

3. <u>Rogha gan a bheith páirteach</u>

Tá rogha ag na Ballstáit gan an teorainn ama oibre sheachtainiúil uasta a chur i bhfeidhm fad a chloítear leis na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint shláinte agus shábháilteacht na n-oibrithe agus a chuirtear bearta cosanta áirithe i bhfeidhm (Airteagal 22). Ní fhéadfar oibleagáid a chur ar an oibrí a bheith ag obair níos mó ná 48 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine ach amháin má thugann sé nó sí réamhthoiliú soiléir, saor agus feasach. Ní fhéadfaidh an fostóir aon dochar a dhéanamh don oibrí mura dtugtar an toiliú sin. Ní mór don fhostóir taifid gach oibrí a dhéanann an obair sin a choimeád cothrom le dáta agus iad a chur ar fáil do na húdaráis inniúla a fhéadfaidh cosc nó srian a chur ar an bhféidearthacht chun an líon uasta uaireanta oibre seachtainiúla a shárú.

Déanann 15 Bhallstát foráil anois maidir le húsáid na rogha gan bheith páirteach. Astu sin, ceadaíonn ceithre cinn (an Bhulgáir, an Eastóin, an Chipir agus Málta) úsáid na rogha gan bheith páirteach gan beann ar earnáil, ach cuireann an 11 Bhallstát eile (an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic) teorainn lena n-úsáid i gcás post a mbaineann neart ama ar glao-dhualgas leo, amhail seirbhísí sláinte nó éigeandála.

[34] C-151/02, *Jaeger*.
[35] An Fhrainc, An Fhionlainn.
[36] An Fhrainc, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin.
[37] An Ghearmáin.
[38] An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Spáinn, an Liotuáin, an Ostair, an tSlóivéin, an tSlóvaic.
[39] An tSeicia, an Liotuáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn.

D’aisghair an tSeicia an rogha gan bheith páirteach do sheirbhísí sláinte an 30 Iúil 2020, agus scoir an Laitvia dá cur i bhfeidhm maidir le dochtúirí ón 1 Eanáir 2022. Dá dheasca sin, ní úsáideann 12 Bhallstát (an tSeicia, an Danmhairg, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin, an Fhionlainn agus an tSualainn) an rogha gan bheith páirteach faoi láthair.

Ná ceanglais maidir le toiliú soiléir ón oibrí, coimeád taifead agus tuairisciú chuig na húdaráis maidir le hoibrithe a oibríonn níos mó ná 48 n-uair in aghaidh na seachtaine ar an meán, comhlíontar leo go ginearálta.

Níl teorainneacha soiléire ann leis an líon uaireanta oibre is féidir a cheadú de bhun Airteagal 22, ach ní mór cosaint shláinte agus shábháilteacht an oibrí a urramú. Ós rud é nach gceadaítear sa Treoir maoluithe ó shos laethúil agus seachtainiúil gan sos cúitimh, cuireann sé teorainn leis na huaireanta oibre a cheadaítear.

De réir dealraimh soláthraíonn leath na mBallstát a chuireann an rogha gan bheith páirteach chun feidhme cineál éigin teorann soiléire leis na huaireanta oibre a cheadaítear[40].

## I. Measúnuithe ó na Ballstáit agus ó chomhpháirtithe sóisialta

### 1. Ceardchumainn

Maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach, measann na heagraíochtaí oibrithe[41] nach gcosnaíonn sé agus nach gcuireann sé feabhas ar shláinte agus ar shábháilteacht na n-oibrithe go leordhóthanach. Déanann siad tagairt go háirithe don rogha gan bheith páirteach agus do na maoluithe maidir le hoibrithe neamhspleácha.

Sainaithníonn cleamhnaithe CEC fadhbanna maidir le trasuíomh a bhaineann le ham ar glao-dhualgas agus ar chúltaca nár áiríodh go hiomchuí mar am oibre; a bhaineann le ham oibre, le linn teilea-oibre san áireamh, nár taifeadadh; a bhaineann le sos cúitimh nár tógadh go díreach tar éis seala; a bhaineann le tréimhsí tagartha a síneadh chun 12 mhí leis an reachtaíocht; agus a bhaineann le cearta saoire bhliantúla a cailleadh le linn saoire bhreoiteachta.

### 2. Fostóirí

Cuireann eagraíochtaí fostóirí[42] i dtábhacht fadhbanna agus éiginnteacht dhlíthiúil de thoradh bhreithiúnais na Cúirte ar am ar glao-dhualgas agus am cúltaca, ar thaifeadadh ama oibre, agus ar shaoire bhliantúil. Bhí reachtaíocht náisiúnta agus comhaontuithe comhchoiteanna de shárú ar an Treoir go tobann, agus chruthaigh comhaireamh ama cúltaca breise mar am oibre dúshláin chun seirbhísí poiblí a eagrú a éilíonn leanúnachas seirbhíse (seirbhísí sláinte, éigeandála).

[40] An Bheilg, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an tSlóvaic.

[41] Cleamhnaithe Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC) agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Neamhspleách (CESI).

[42] BusinessEurope, CoEES, CEEMET, Comhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa (CEMR), PEARLE, SGI Europe agus SMEunited.

Déanann eagraíochtaí fostóirí cáineadh ar dhlíthe náisiúnta atá níos doichte ná na híoscheanglais sa Treoir agus measann siad go bhfuil ról na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le cur i bhfeidhm rótheoranta, ag cur srian le solúbthacht ama oibre i saol domhanda digiteach.

3. Ballstáit

Tuairiscíonn formhór na mBallstát go leanann an Treoir a cuspóirí a chomhlíonadh trí chreat cuí agus daingean a sholáthar chun gníomh a dhéanamh maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde. Tagann dúshláin nua forálacha na Treorach a léirmhíniú as méadú na teilea-oibre, foirmeacha nua oibre (e.g. obair ardáin), agus dlí-eolaíocht na Cúirte le déanaí. Iarann roinnt Ballstát soiléiriú maidir le staid ama oibre le linn am a chaitear ar glao-dhualgas nó ar cúltaca, maidir le ham oibre a thaifeadadh, agus maidir le sos cúitimh. Molann cuid acu athmheasúnú agus leasú a dhéanamh ar bhunfhorálacha na Treorach.

## J. Bearta a bhaineann le COVID sa réimse ama oibre

Bhí tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar shaol na hoibre. In 2020 agus 2021 d'oiriúnaigh na Ballstát na rialacha is infheidhme maidir le dálaí oibre, go háirithe ar eagrúchán ama oibre. Bhí formhór na mbeart sin sealadach agus níl siad i bhfeidhm a thuilleadh.

Chruthaigh roinnt Ballstát féidearthachtaí nua chun síneadh ama a chur ar am oibre, trí mhéadú a thabhairt ar am oibre laethúil agus seachtainiúil uasta[43] agus ar fhéidearthachtaí ragobair a dhéanamh[44], mar shampla, chomh maith le fad an tsosa laethúil[45] nó seachtainiúil íosta a laghdú[46]. Níor cuireadh é sin i bhfeidhm go ginearálta ach i líon teoranta earnálacha fíor-riachtanacha, go háirithe earnáil na sláinte. Chuimsigh srianta sealadacha teilea-obair éigeantach a dhéantar sa bhaile do roinnt oibrithe, agus thug roinnt Ballstát údarás d'fhostóirí tógáil na saoire bliantúla a éileamh[47].

Rinne scéimeanna oibrithe gearr-ama[48] nó dífhostaíocht pháirteach[49] foráil maidir le ham oibre a bheith laghdaithe, nó an dualgas obair a dhéanamh a bheith curtha ar fionraí go hiomlán, le cúiteamh le haghaidh caillteanas ioncaim.

## K. Conclúidí

I dtéarmaí ginearálta, tá formhór mór na n-oibrithe san Aontas faoi réir rialacha ama oibre a chomhlíonann reachtaíocht an Aontais, agus a bhíonn i roinnt mhaith cásanna níos cosantaí ná na caighdeáin íosta a leagtar amach sa Treoir.

---

[43] An Ghearmáin, Lucsamburg.
[44] An Bheilg, an Fhrainc, an Laitvia, an tSlóivéin, an Fhionlainn.
[45] An Ghearmáin, an Pholainn.
[46] An Ostair, an Pholainn.
[47] An Bhulgáir, an Fhrainc, an Laitvia, an Ostair.
[48] An Ghearmáin, an Liotuáin, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin.
[49] Lucsamburg.

Bíonn reachtaíocht na mBallstát comhlíontach go ginearálta maidir le ceanglais na Treorach, ach sainaithníodh saincheisteanna éagsúla. Is é an fhadhb is coitianta trasuíomh mícheart maoluithe ó shos laethúil agus seachtainiúil, lena n-áirítear sos cúitimh. Ní shainmhíníonn roinnt Ballstát am ar glao-dhualgas in aon chor fós, nó ní chuireann siad i bhfeidhm go hiomchuí é i roinnt earnálacha (e.g. sláinte, slándáil, forfheidhmiú an dlí agus seirbhísí éigeandála). Na dúshláin a bhaineann le freagraí a thabhairt ar chásdlí na Cúirte le déanaí, go háirithe ar cháilíocht an ama cúltaca agus ar am oibre a thaifeadadh, níor tugadh aghaidh orthu go forleathan fós. Tá neamhréireachtaí fós ann maidir leis na teorainneacha ar am oibre uasta do ghrúpaí sonracha oibrithe (pearsanra sláinte agus fórsaí armtha go príomha), ach tá comhlíontacht i measc na mBallstát ag dul i bhfeabhas.

Trasuítear buncheanglais na Treorach maidir le bristeacha, sos laethúil agus sos seachtainiúil go sásúil go ginearálta. Baineann na ceisteanna atá fágtha le húsáid maoluithe ó na ceanglais sin go príomha.

Déanann gach Ballstát foráil go soiléir maidir le ceart chun saoire bhliantúil le pá ar feadh 4 seachtaine ar a laghad. Is iad na fadhbanna is coitianta saoire bhliantúil a thógáil le linn na chéad bliana fostaíochta agus ceart an oibrí saoire bhliantúil a fháil agus é nó í ar shaoire bhreoiteachta agus an tsaoire a fuarthas a thabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse atá sách fada.

Tháinig beagán laghdaithe ar líon na mBallstát a cheadaíonn úsáid na rogha gan bheith páirteach.

I gcomhar leis an ról níos leithne atá aige mar chaomhnóir na gConarthaí, agus gan dochar don ról sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú le hiarrachtaí na mBallstát cur chun feidhme na Treorach a fheabhsú, agus tá sé réidh chun malartuithe idir na Ballstáit a éascú, agus idir comhpháirtithe sóisialta, i gcásanna ina bhféadann siad a bheith ina gcuidiú.